# Caibidil a Cúig Déag
# Achoimre ar Chonclúidí agus ar Mholtaí

## 15.1 Glan-Phraghas ar an Sonrasc

Ní fheidhmíonn an Cosc in Airteagal 11 den Ordú um Earraí Grósaera mar chosc ar dhíolachán faoi chostas. Déantar tagairt níos cirte de mar chosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc.

Tugadh an téarma “glan-phraghas ar an sonrasc” isteach san Ordú um Earraí Grósaera i 1978 amháin mar gur fheill sé ó thaobh cúrsaí riaracháin de, agus is cinnte gur rud é a d’aontaigh an trádáil leis agus a spreag sé, ionas go mbeadh sé níos éasca cosc ar fhógraíocht faoi-chostas a fhorfheidhmiú.

Bhí sainmhíniú an téarma, a cuireadh isteach in Ordú 1981 ina dhiaidh, bunaithe ar léirmhíniú na hArd Chúirte maidir leis an gciall a bhí tugtha do na focail “glan-phraghas ar an sonrasc”.

Mar sin, níl aon réasún eacnamúil ag an téarma in aon chor.

Coinníodh an téarma in Airteagal 11 d’Ordú 1987 mar glacadh leis go gcuirfí gach lascaine, lacáiste, liúntas agus íocaíochtaí soláthróra eile san áireamh ar an sonrasc.

I 1991, léirigh an Coimisiún um Chleachtais Srianta imní nár tugadh aitheantas don tuairim sin agus dúirt siad go bhféadfadh lascainí nach mbíonn ar an sonrasc mí-úsáid a bhaint as an reachtaíocht.

Níor glacadh gníomh láithreach ar an moladh a bhí ag Móramh den Choimisiún um Chleachtais Srianta go ndéanfaí aisghairm ar an Ordú de bhrí go rabhthas ag iarraidh seal a thabhairt don Ordú socrú síos roimh Acht Iomaíochta, 1991.

Ní raibh tuairim an Mhionlaigh nár chóir ligean don téarma Glan-Phraghas ar an Sonrasc leanúint ar aghaidh léirithe in aon chor i leasú ar Ordú 1987 mar nach bhfacthas aon phointe leis an Ordú a leasú, Ordú a ndéanfaí cúlghairm air ina dhiaidh sin ar aon nós.

Tá an tOrdú go bunúsach faoi athbhreithniú leanúnach riamh ó 1991.

## 15.2 Lascainiú Nach mBíonn ar an Sonrasc

Níl aon athrú ar fhorálacha Airteagal 13 den Ordú maidir le téarmaí agus coinníollacha soláthair ó Ordú 1978 in ainneoin tuairime de chuid an

Choimisiúin um Chleachtais Srianta i 1987 nach rabhthas ach comhlíonadh comharthaíochta á dhéanamh leo.

Déanann forálacha Airteagal 13 éascú ar lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc a úsáid agus spreagann siad é.

Ceadaíonn Airteagal 13 téarmaí agus coinníollacha forlíontacha a úsáid agus feidhmítear iad sin tríd is tríd ar bhealach rúnda, treallach agus idirdhealaitheach.

Ní thugann an tOrdú cosaint do sholáthróirí ón gcumhacht ceannacháin atá ag miondíoltóirí móra, cé go dóigh go léirítear cumhacht den sórt sin in éilimh a dhéantar ar lascainí níos airde seachas ar phraghsanna níos ísle ar an sonrasc.

Níl dóthain eolais tugtha dúinn mar chuid den athbhreithniú chun fáil amach cé chomh fairsing agus atá lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a íoctar le miondíoltóití grósaera.

Is gné shuntasach den trádáil é an t-ioncam ó lascainí nach mbíonn ar an sonrasc agus ní féidir é a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí i bhfoirm laghduithe, ar phraghas faoin bpraghas ar an sonrasc, i gcás earraí atá clúdaithe ag an Ordú.

Ciallaíonn sé sin nach féidir ioncam den sórt sin a chur ar aghaidh ach ar bhealach a dhéanann díchumadh ar iomaíocht sa trádáil agus a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

Is srian tromchúiseach é sin ar iomaíocht agus cuireann sé isteach go mór ar shaoirse trádála nach féidir glacadh leis ach sa chás go mbaineann gach páirtí buntáistí aitheanta as mar thoradh ar a chur i bhfeidhm.

Nílimid in ann a rá go bhfuil a leithéid de bhuntáistí ann.

Is féidir linn a rá nach bhfuil sé réadúil, b'fhéidir fiú amháin nach féidir é a chur i bhfeidhm de réir an dlí, agus níor chóir go mbeadh sé riachtanach, don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí na cumhachtaí atá ar fáil di faoin Ordú um Earraí Grósaera a chleachtadh féachaint leis an leibhéal ioncaim ó lascainí mbíonn ar an sonrasc a shaothraíonn miondíoltóirí grósara na hÉireann a leagan síos.

Is féidir linn a rá freisin nach dóigh go n-athróidh eolas den sort sin conclúidí agus moltaí na Tuarascála seo.

Ina theannta sin, trí tabhairt faoin gcleachtadh sin mar réamh-riachtanas chun an tOrdú a chinneadh amach anseo, bheifí ag cur moill ar chinneadh gan gá ar bith leis sin a dhéanamh agus ní rachadh a leithéid de mhoill chun leasa an phobail.

Dúradh in aighneacht an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí *"…it does seem desirable to us that if the Order is being retained, it should be amended to remove any direct or indirect inducements therein which may lead companies to cause their primary books and records (including invoices) to be kept on any form of artificial basis."*

## 15.3 Cothabháil Praghsanna Athdhíolta

Is é an comhthionchar atá ag an gcosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc agus ag an gcleachtas a bhaineann le lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc ná urlár a chur faoin bpraghas miondíola atá ar earraí a chlúdaíonn an tOrdú. Cinntear an t-urlár sin, a ghníomhaíonn mar íosphraghas faoi nach féidir na hearraí a dhíol, ní le gnáthfhórsaí iomaíochta mar a bheadh i gcás earnálacha trádála eile den eacnamaíocht, ach tríd an soláthróir a bheith ag gníomhú go haontaobhach nó i gcomhaontú lena chustaiméirí miondíola.

Mar thoradh air sin, is é an éifeacht atá ag an Ordú ná go bhfeidhmíonn cineál cothabháil praghsanna athdhíolta i dtrádáil earraí grósaera na hÉireann, in ainneoin go ndearbhaítear go bhfuil cleachtas den sórt sin mídhleathach agus in ann smachtbhannaí coiriúla a tharraingt ar dhuine faoi fhorálacha Acht Iomaíochta, 2002.

Lena chois sin, creidimid go bhfuil contrárthacht aisteach idir, ar lámh amháin, Airteagal 3 d'Ordú um Earraí Grósaera 1987 agus Airteagal 4 d'Acht Iomaíochta 2002 a chuireann cosc ar chothabháil praghsanna athdhíolta araon, agus, ar an lámh eile, Airteagal 11 agus 13 den Ordú um Earraí Grósaera 1987 a éascaíonn an cleachtas.

Breithnímid go bhféadfadh an contrárthacht sin droch-chlú a tharraingt ar leabhar reachtanna na hÉireann.

## 15.4 An Tionchar a Bheadh ag Deireadh a Chur leis an Ordú

Is é an tionchar a bheadh ag cúlghairm a dhéanamh ar an Ordú um Earraí Grósaera ná go bhfaighfí réidh leis an urlár sin agus go bhfaighfí réidh leis an mbrú suas a chruthaíonn sé i gcás praghsanna. Gheobhadh sé réidh chomh maith le ceann de na príomh-dhreasachtaí i gcás lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc agus mar thoradh air sin bheadh trédhearcacht praghsanna níos mó ann trína chinntiú go léiríonn an praghas ar an sonrasc níos cruinne fíor-phraghas ceannacháin na n-earraí i gcás an mhiondíoltóra.

Bheimis ag súil gurb é an tionchar a bheadh aige sin ansin ar iomaíocht sa mhargadh ná laghduithe a dhéanamh ar phraghsanna miondíola earraí a chlúdaíonn an tOrdú.

Mar sin féin, ní chreidimid gur féidir a thuar go réasúnta cé chomh fairsing agus a bheadh laghduithe den sórt sin. Go bunúsach, fágfar é sin faoi

fhachtóirí éagsúla lena n-áirítear líon na lascainí nach mbíonn ar an sonrasc atá ar fáil le haistriú ar ais chuig an sonrasc, an leibhéal iarbhír d'ollchorrlach atá ar fáil sa trádáil grósaera faoi láthair, agus chomh mór agus a stiúróidh fórsaí iomaíochta mar thoradh air sin éifeachtúlachtaí ag gach leibhéal den slabhra táirgeachta agus imdháilte.

Bíonn tionchar ag fachtóirí seachtracha eile, lena n-áirítear costais ionchuir agus éileamh tomhaltóirí ar phraghsanna miondíola agus bíonn sé deacair an tionchar a bhíonn ag aon fachtóir amháin a scaradh amach as féin mar an cosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc.

## 15.5 An Tionchar a Bheadh ag Cosc ar Lascainí nach mbíonn ar an Sonrasc agus Sin Amháin

Dá gcuirfí cosc ar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc – mar bheartas astu féin amháin – bheadh sé inmhianta ansin go mbeadh laghduithe mar a chéile ar phraghsanna ar an sonrasc chun an t-ioncam a bhíonn caillte ag miondíoltóirí a léiriú agus a mhaitseáil.

Mura mbeadh laghduithe mar a chéile den sórt sin ar phraghsanna ar an sonrasc – agus ní féidir linn smaoineamh ar aon dlí a d'éileodh é sin – ansin éifeacht amháin cinnte a bheadh ag beartas den sórt sin ná méadú ar phraghas miondíola earraí grósaera ar thomhaltóirí chun cúiteamh a thabhairt do mhiondíoltóirí as an ioncam a chailleann siad.

## 15.6 Struchtúr Thrádáil Earraí Grósaera

Tá comhchruinniú ard le feiceáil i margadh earraí grósaera na hÉireann.

Tá comhchruinniú margaidh méadaithe sa tréimhse ó tugadh isteach an tOrdú um Earraí Grósaera. Tharla go leor den chomhchruinniú méadaithe sin faoi leibhéal na n-iolrach agus, go háirithe sa tréimhse ó 1994, dealraíonn sé go raibh sé á stiúradh ar comhdhlúthú ar an earnáil siombaile/neamhspleách.

Léiríonn margadh na hÉireann struchtúir agus leibhéil comhchruinnithe atá cosúil le margadh na RA, áit, ar ndóigh, nach bhfuil aon chosc ar dhíolachán faoi chostas. Más aon rud, creidimid go bhfuil margadh na hÉireann go himeallach níos comhchruinnithe.

Creidimid go bhfuil laistigh de na príomhcheantair uirbeacha, déstruchtúr ina ndéanann iolracha freastal ar an siopadóir "aon-stad" agus go ndéanann na siombailí/neamhspleácha níos lú freastal ar an margadh "niche" áise.

Ní dóigh go mbeadh déstruchtúr den sórt sin ag feidhmiú i gceantair faoin tuath de bhrí nach mealltar iolracha chuig ceantair ina bhfuil dlús daonra íseal. Dá bhrí sin bíonn na siombailí/neamhspleácha ag freastal ar na margaí "aon-stad" agus na margaí áise sna háiteanna sin.

Sa Ríocht Aontaithe, is í an earnáil áise an earnáil is mó fáis sa mhargadh grósaera mar is léir ó chuaigh go leor iolracha agus oibreoir grúpa siombaile Musgrave isteach sa mhargadh le déanaí. Táthar ag súil go dtiocfaidh fás 25% ar láimhdeachas san earnáil áise thar na chéad ceithre bliana eile.

Mar thoradh air sin, agus ag glacadh leis na comhstruchtúir margaidh atá i bhfeidhm, níl aon chúis againn a chreidiúint go bhfulaingeodh an margadh áise in Éirinn mar thoradh ar dheireadh a chur leis an gcosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc.

## 15.7 Praghsáil Chreiche

Tá praghsáil chreiche frith-iomaíoch agus feidhmíonn sé in aghaidh leasa tomhaltóirí. Mar sin féin, cuireann Acht Iomaíochta 2002 cosc cheana féin ar an gcleachtas, arna shainmhíniú ag na prionsabail de dhlí frith-mhuiníne a nglactar leo.

Is cleachtas gnó dleathach é treoir-chaillteanas a fheidhmíonn i gcuid mhaith earnálacha gnó agus is féidir leis a bheith ina thoradh leoiciúil ar an bpróiseas iomaíochta. Is cleachtas é a fheidhmíonn gan díchumadh a dhéanamh ar an margadh agus gan aon dochar a dhéanamh don tomhaltóir.

Ní chuireann an tAcht cosc ar an gcleachtas earraí grósaera a dhíol go leanúnach faoi chostas, nuair a fheidhmítear é ar bhealach nach gcomhlíonann an sainmhíniú a thugtar do phraghsáil chreiche. Is féidir teacht ar chásanna ina bhféadfadh an cleachtas gníomhú in aghaidh leasa an phobail, nó nuair is dóigh, go gcuireann sé athrú ar struchtúr an mhargaidh agus ní bhíonn an oiread rogha ag tomhaltóirí mar thoradh air sin.

Breithnímid gur freagra díréireach iad forálacha Ordú 1987 maidir leis an mbagairt a dhéanann praghsáil chreiche agus díolachán leanúnach faoi chostas ar na cúiseanna seo a leanas:

- Gníomhaíonn Airteagal 11 in aghaidh leasa tomhaltóirí mar nach nglacann sé cúiseanna dleathacha, for-iomaíocha le haghaidh díolachán faoi chostas san áireamh;

- Níl aon tástáil ann lena chinneadh cibé an dóigh go ndéanfaidh an cleachtas díolachán faoi chostas díchumadh ar an margadh nó nach ndéanfaidh nó dochar do leas an phobail in aon imthosca ar leith;

- Ní sholáthraíonn sé aon tomhas bailí ar chostas agus níl ar a chumas idirdhealú a dhéanamh idir fíor-ghníomhartha creiche agus praghsáil dleathach agus bríomhar for-iomaíoch ar cheart deis a thabhairt do thomhaltóirí buntáiste a bhaint as;

- Ní ghlactar lascainí, lacáistí ná aon liúntais eile san áireamh, a íocann soláthróirí le miondíoltóirí;

- Cuireann na hAirteagail teorainn leis an saoirse a bhíonn ag miondíoltóirí cinneadh cibé agus conas ba chóir lascainí den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir;

- Is é an éifeacht atá ag an Ordú stop a chur le hiomaíocht praghsanna ón margadh agus mar sin, comhchruinniú margaidh a stiúradh. Ní dóigh go mbainfidh aon tomhaltóirí buntáiste as sin.

- Cuireann Airteagal 11 teorainn leis an gcumas a bhíonn ag miondíoltóirí beaga dul in iomaíocht le díolachán dleathach ar chostas níos ísle a bhíonn ar bun ag iomaitheoirí móra.

- Cuireann Airteagal 11 teorainn chomh maith ar an gcumas a bhíonn ag an miondíoltóir is mó fiú amháin dul in iomaíocht in imthosca áirithe. Mar shampla, má bhíonn ollmhargaí i dTuaisceart Éireann i mbun díolachán faoi chostas le linn tréimhse na Nollag, cuirtear gach miondíoltóir sa dlínse seo faoi mhíbhuntáiste iomaíochta.

- Is é an comhéifeacht atá ag an dá Airteagal ná teorainn a chur le hiomaíocht agus mar sin an dreasacht chun éifeachtúlachtaí a aimsiú sa slabhra imdháilte óna bhféadfaidh tomhaltóirí buntáiste a bhaint amach i bhfoirm praghsanna níos ísle.

## 15.8 H. Williams

Thug fianaise a bhí ar fáil ag an am le fios gur mar thoradh ar staid airgeadais leochaileach na cuideachta a thit Grúpa H. Williams chomh maith leis na bearta praghsála creiche a bhí ar bun ag a gcuid iomaitheoirí.

## 15.9 Tionchar ar Phraghsanna agus ar Bhoilsciú

Breithnímid go bhfuil go leor fachtóirí ann a mbíonn tionchar acu ar an ráta boilscithe agus ar leibhéil praghsanna absalóideacha. Tá sé an-deacair dar linn aon fhachtóir ar leith a a leagan as féin mar an tOrdú um Earraí Grósaera agus a rá gurb é sin an príomh-cheannródaí ó thaobh boilsciú ard nó boilsciú íseal, praghsanna arda nó praghsanna ísle.

Mar sin féin, tá roinnt aimhrialtachtaí le feiceáil ón anailís a rinneamar as threochtaí boilscithe nach féidir a mhíniú go héasca agus a thugann le fios go láidir go bhfuiltear ag cosaint an earnáil bia miondíola ó iomaíochta. Ní bheadh sé sábháilte go háirithe, teacht ar chonclúid *nach* bhfuil aon cheangal idir na haimhrialtachtaí sin agus an tOrdú.

Mar thoradh air sin, cé go bhfuil drogall orainn aon chonclúidí daingne a dhéanamh maidir leis an tionchar atá ag an Ordú ar bhoilsciú agus ar leibhéil praghsanna, breithnímid go dtacaíonn an anailís atá déanta againn an cás chun aisghairm a dhéanamh ar an Ordú.

## 15.10 Rialacháin i nDlínsí Eile

- As an AE 15, tá cosc ag seacht dtír, seachas Éire, ar dhíolachán faoi chostas. Is iad na tíortha sin ná an Bheilg, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodái, Lucsamburg, an Phortaingéil agus an Spáinn.

- Tá foráil sa reachtaíocht chuí i gcás sé cinn de na seacht dtíortha sin (An Bheilg, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Phortaingéil agus an Spáinn) le haghaidh raon níos leithne eisceachtaí ná mar a chuirtear ar fáil faoin Ordú um Earraí Grósaera.

- Go háirithe, ceadaíonn an Bheilg, an Phortaingéil, Lucsamburg agus an Fhrainc ar fad díolachán cur chun cinn faoi chostas agus díolachán faoi chostas chun praghsanna iomaitheoirí a mhaitseáil. Lena chois sin, ceadaíonn an Spáinn díolachán faoi chostas chun praghsanna iomaitheoirí a mhaitseáil. Ceadaíonn an Iodáil suas go dtí trí dhíolachán faoi chostas a mhaireann 10 lá gach bliain chomh maith le heisceachtaí eile. Cuireadh athrú mór ar dhlí na Fraince i 2005.

- Ní chuireann na seacht dtíortha atá fágtha cosc ar an gcleachtas díolachán faoi chostas ach amháin más ionann é agus iomaíocht neamhchóir, nó mí-úsáid ar sheasamh ceannasach.

- Ní féidir teacht ar chonclúidí maidir le chomh hoiriúnach agus atá siad ó thaobh na hÉireann agus forálacha atá i bhfeidhm i mBallstáit eile – go háirithe d'uireasa staidéar sonraithe ar choinníollacha margaidh agus ar chleachtais trádála.

## 15.11 Baile Bocht na Breataine

Tagaimid ar an gconclúid go bhfuil na figiúirí a thugann le fios nach bhfuil aon siopa ag 7 mbaile as 10 mbaile agus sráidbhaile sa RA mícheart amach is amach agus nach bhfuil aon bhunús acu go deimhin. Is mífhaisnéis tromchúiseach agus follasach é an staitistic ar na fíricí.

Is léiriú í an úsáid sheasta a bhaintear as an staitistic in aighneachtaí a fuarthas ar fheachtas dírithe chun an figiúr 70% a chur in intinn an phobail in iarracht imní nach bhfuil gá leis a chur orthu maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag deireadh a chur leis an Ordú um Earraí Grósaera.

Tá cónaí ar beagnach 87% de lucht tithe tuaithe i Sasana laistigh de 4km ó stáisiún peitril – agus tá stór áise greamaithe don chuid is mó acu sin.

Tá cónaí ar 79% de lucht tithe tuaithe i Sasana laistigh de 4km ó ollmhargadh.

Deir Tuarascáil *Ghost Town Britain II* a foilsíodh i 2003 go deimhin gur minic go mbíonn praghsanna feoil úr agus glasraí *níos airde* in ollmhargaí ar imeall baile mór ná mar a bhíonn siad i siopaí miondíola a bhíonn faoi úinéireacht neamhspleách áitiúil.

## 15.12 Tionchar ar an tSochaí

Creidimid nach bhfuil ciall ar bith leis an imní atá ar Ghníomhaireachtaí a dhéanann ionadaíocht ar chodanna den tsochaí nach bhfuil chomh maith sin as go mbeidh rochtain shrianta acu sin ar ioncam íseal ar earraí grósaera má fhaightear réidh leis an Ordú um Earraí Grósaera.

Creidimid go bhfuiltear tagtha ar an tuairim de bharr taighde a rinneadh sa RA – áit nach bhfuil aon chosc ar dhíolachán faoi chostas.

Measaimid, gur sásra uafásach mí-oiriúnach agus díréireach é an tOrdú um Earraí Grósaera trína bhféachfaí le tomhaltas alcóil a rialú.

## 15.13 Stádas Dlíthiúil an Ordaithe

Ní féidir an t-ordú a aisghairm ach amháin le reachtaíocht phríomhúil.

Caithfear reachtaíocht phríomhúil a thabhairt isteach má táthar chun an tOrdú a leasú, rud a thabharfadh cumhachtaí cumasaithe cuimsitheacha don Aire.

Tá roinnt aimhrialtachtaí tugtha faoi deara againn i ndréachtú Ordú 1987 chomh maith le saincheisteanna deacra maidir le léirmhíniú.

D'fhéadfadh sé sin deacrachtaí a chruthú don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí amach anseo ó thaobh téarmaí sainiúla den Ordú a fhorfheidhmiú. Ardaíonn siad ceisteanna freisin maidir le feidhmiú cothrom théarmaí an Ordaithe chuig gach gné i dtrádáil earraí grósaera.

Ar an mbunús sin amháin, dealraíonn sé go bhfuil forais shubstainiúla ann le himní a bheith faoin gcumas atá ag an Ordú na rudaí a leagadh amach dó a dhéanamh a chomhlíonadh.

## 15.14 Cosc ar Dhíolachán Faoi Chostas

Ní chreidimid go bhfuil an cás cruthaithe gur dóigh go dtiocfaidh cásanna díolachán leanúnach faoi chostas chun cinn chomh mór sin agus ar bhealach a dhéanfaidh an oiread dochair do leas an phobail agus go mbeimís in ann

beartais rialála a thabhairt isteach thar an gcosc ar mhí-úsáid ceannasaíochta atá cheana féin in Alt 5 d'Acht Iomaíochta 2002

Níl ciall ar bith dar linn leis an imní atá ann má chuirtear deireadh leis an Ordú Grósaera go dtiocfaidh hipearmargaí móra chun cinn agus go gcuirfidh siad an miondíoltóir beag neamhspleách amach as gnó, agus creidimid nach bhfuil dóthain muiníne ag daoine i gcad atá i gceist leis an Ordú agus i scóip an Ordaithe. Ní chuireann an cosc ar dhíolachán faoi nglan-phraghas ar an sonrasc cosc ar slabhraí ollmhargaí iolracha stórtha móra a oscailt. Cuireann sé cosc orthu táirgí a dhíol faoi íosphraghas sainiúil agus sin é an méid.

Is feidhm de chuid an phróisis pleanála é teorainn a chur le méad na siopaí miondíola aonair

## 15.15 Moltaí

Molaimid go ndéanfaí aisghairm iomlán ar an Ordú um Earraí Grósaera 1987 tríd Acht Iomaíochta 2002 a leasú.

Níor chóir aon chosc malartach ar dhíolachán faoi chostas a thabhairt isteach.

Ba chóir go n-iarrfaí ar an Údarás Iomaíochta, le cúnamh ón Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmiú na trádála grósaera ar bhonn leanúnach thar na chéad chúpla bliain eile chun an tionchar a bheidh ag an timpeallacht rialála nua a mheas. Féadfar scóip agus méid cláir den sórt sin a chomhaontú idir an tÚdarás agus ionadaithe na trádála ag tráth níos déanaí.

Ba chóir go n-iarrfaí ar an Údarás le linn dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmiú na trádála grósaera tuairim a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le rochtain a bheith ag gach grúpa sa tsochaí ar raon táirgí grósaera a bheidh chomh leathan agus is féidir.

Molaimid go leanfadh na Treoirlínte Pleanála Miondíola ag feidhmiú ar bhealach for-iomaíoch.

Molaimid go bhfeidhmeofaí tríd is tríd na treoirlínte agus an próiseas pleanála ar bhealach a chinnteodh go mbeadh meascán cuí de mhionfhorbairt agus forbairt miondíola mór ar fud na tíre ar fad chun rogha tomhaltóirí a spreagadh sa timpeallacht siopadóireachta is fearr leo.

Ba chóir agóidí in aghaidh forbairt miondíola nua a bheith bunaithe ar dheaphrionsabail pleanála. Níor chóir deis a thabhairt do leasa dílsithe an próiseas a úsáid chun cosc a chur ar iomaíocht a theacht chun cinn, rud a dhéanfadh dochar do leasa tomhaltóirí.

Breithnímid go ngabhann Acht Iomaíochta, 2002 formhór na gcleachtas frith-iomaíocha a raibh an tOrdú um Earraí Grósaera leagtha amach lena chosc an chéad lá riamh.

Mar sin féin, breithnímid go mbeadh sé inmhianta an tAcht a neartú ar bhealaí éagsúla agus go háirithe chun cosc a chur ar chothabháil praghsanna athdhíolta, idirdhealú neamhchóir agus “airgead hello”.

Forfheidhmeoidh an tÚdarás Iomaíochta, dá réir sin, forálacha den sórt sin.